AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Aḃar fógraíoċta agus eagartóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

iml. 11. uiṁ. 21. 28ú Bealtaine, 1965.

Eagarfocal. 28-5-1965.

Saoṫrú Seasta

Séideann na gaoiṫe go mall, aċ is cosúil go ḃfuil siad ag séideaḋ ar ṡiúl cuid mór den gréasán dubán-alla a ḃíoḋ ṫart timpeall cúrsaí na Gaeltaċta. Deiċ mbliana ó ṡin. ba ṁillteanaċ ar fad, agus ba saṁnasaċ le h-éisteaċt leis, an ráiméis a ċantaí fá'n Ġaeltaċt, nuair a ḃíoḋ an meastaċán cuí ós coṁair na Dála. Díospóireaċt a ṫug le tuiscint gur dream ar leiṫ iad pobal na Gaeltaċta a ḃí beo ar Ġaeilge agus fraoċ agus síḋeoga. Ġlac sé blianta fada ó ṁuintir na Gaeltaċta an ceo amaideaċ sin a scaipeaḋ agus a ṫaḃairt le fios go raiḃ gnáṫ saol agus gná ḃeaṫa ag teastáil ó ṁuintir na Gaeltaċta agus gur gnáṫ daoine iad a ḃí ag braṫ ar cúrsaí saolta, ċoṁ maiṫ le cúrsaí teangan agus cultúr. Aċ, is cosúil go ḃfuil an obair déanta ag an eagras sin agus go ḃfuil tuiscint níos fearr ar cúrsaí na Gaeltaċta ar fud na tíre agus é ḋá léiriú i nDáil Éireann anois.

An tseaċtain seo caite, ba ṁaiṫ mar a laḃair roinnt de na Teaċtaí. Déanta na fírinne. d'ḟéadfaimís a rá gur ṁaiṫ mar laḃair beagnaċ iomlán na dTeaċtaí sa ṁéid agus gur ṫug siad uile go léir, tuiscint gur ṫuig siad an príoṁ rud a ḃí ag teastáil ón Ġaeltaċt. Ḃí aontas iomlán idir na daoine a laḃair ar son Fianna Fáil agus Fine Gael agus an Luċt Oibre gurb é an príoṁ rud, agus an ċéad rud agus an bun rud a ḃí ag teastáil sa Ġaeltaċt, nó saoṫrú seasta. Mar a ċuir duine de na Teaċtaí is óige é, Riobard Ó Maolḋia, as Caṫair na Gaillime; "Ḃí sé ṫar am go mbeaḋ deireaḋ leis an ré ina raiḃ fir na Gaeltaċta ag braṫ ar ġuair ó lá go lá agus go dtiocfaiḋ leo a ḃeiṫ cinnte de obair seasṁaċ ina dtír féin." Nó, mar a ċur Seán Ó Ceallaiġ. as an Ċláir, go maiṫ é: "Ní ḟéadfaḋ duine ar biṫ a ḃeiṫ ag súil go ḃféadfaḋ fir óga na Gaeltaċta pósaḋ agus socrú síos ina dtír féin, ré mar a ḃí an scéal faoi láṫair."

Noċt Riobard Ó Maolḋia an scéal go h-an ṁaiṫ nuair adúirt sé go raiḃ i ḃfad, i ḃfad an iomad troimeaċt ḋá leagan ar postaíoċt cailíní ag Gaeltarra Éireann, agus naċ dtiocfaiḋ leis sin ceist na Gaeltaċta a réitiú, gur postaíoċt do ḟir a ḃí ag teastáil. Is fada an lá muintir na Gaeltaċta ag brú an scéil seo, agus is maiṫ linn a ḟeiceáil go ḃfuil Teaċta nua óg, mar Riobard Ó Maolḋia. ag cur an pointe seo go soiléir os coṁair na Dála.

Ba ṁaiṫ mar a laḃair Seán Mac Eoċagáin, as Conamara, agus Fionnán Ó Cuagáin, as Caṫair na Gaillime, ċoṁ maiṫ. Agus cé go raiḃ searḃas agus siniciúlaċt insan méid adúirt Ó Laoire, mar sin féin, ġéill sé den ḃun fírinne go raiḃ saoṫrú seasta ag teastáil insan Ġaeltaċt. Anois. go ḃfuil an t-aontas seo ann imeasc ionadaiṫe an ṗobail de ṫairḃe na Gaeltaċta, níl ag teastáil aċ feiḋm a ṫaḃairt do ṫoil an ṗobail agus toil Dáil Éireann, do réir mar a léiríoḋ í.

Arís, ní maiṫ linn brú ró ṫapaí ar an fear atá ceapṫa go nua mar Rúnaí Parlaiminte i mbun na Gaeltaċta, aċ ní miste a rá, agus a rá arís nár iarr pobal na Gaeltaċta ariaṁ mion-deontaisí agus faoisiṁ agus alúntaisí gurb é an t-aon rud aṁáin a d'iarr an t-eagras a ḃfuil údarás aige laḃairt ar son na Gaeltaċta, nó Saoṫrú Seasta. Agus naċ aon ṁaiṫeas na rudaí eile go léir go ndéantar oiread cainte fá dtaoḃ díoḃa, go dtí go mbeiḋ an saoṫrú seasta sin tugṫa. Agus ní leor a ḃeiṫ ag braṫ ar spreagaḋ nó brú ar údaraisí eile, caiṫfiḋ údarás éigin an freagarṫaċt a ġlacaḋ fá ċoinne Saoṫrú Seasta a ṡoláṫar don Ġaeltaċt, agus ní mór muinín pobal na Gaeltaċta as Gaeltarra Éireann faoi mar a ceapaḋ an t-údaras, agus faoi mar a h-aṫ-ċeapaḋ iad. Caiṫfear aṫraiṫe bunúsaċa a ḋéanaṁ i gcuspóirí agus i móḋ oibre, agus i bpearsanra Ḃord Ġaeltarra Éireann, sul ar féidir aon ṁuinín a ḃeiṫ ag pobal na Gaeltaċta gur féidir leo, nó gur mian leo, taḃairt faoi saoṫrú seasta a ṡoláṫar do ṗobal na Gaeltaċta. Ní miste a ḃeiṫ ag cuiṁniú air sin agus an bille nua ḋá ḋreaċtú fá ċoinne cúramaí nua Ḃord Ġaeltarra Éireann.

Easbog Nua Raṫ Ḃoṫ

Réim agus Léann an Dr Uí Ḟicille

Teaċtaireaċt Gaeilge do ṗobal Raṫ Ḃoṫ

Tá an Dochtúir A. C. Mac Fichille, S.P.L., Sagart Paráiste Srath Bán, ainmnithe mar Easpag ar Rath Bhoth, comharba ar an Dr. Mac Confhaola, a fuair bás in 1963.

Fógraíodh an scéal an tseachtain seo caite agus tháinig mórán teachtaireachtaí comhghháirdeachais go Teach na Sagart ar an Srath Bán, ó bhaill an Rialtais, an Chliarlathas agus sagairt agus tuataigh ar fud deoise Rath Bhoth agus Doire.

Sula dtáinig sé go dtí an Srath Bán mar Shagart Paráiste tá sé bliana ó shin, bhí sé deich mbliana ina Uachtarán ar Coláiste Naomh Colm, i nDoire, agus tamall fada ag teagasc ansin.

Rugadh é in Seiseamh Ó Neill, Bealach Féich, in 1909, agus fuair sé a bhun-oideachas ansin agus chuaigh sé go Coláiste Naomh Colm, Doire, in 1922. Bhí sé ina mhac-léinn iontach ansin, agus fuair sé scoláireacht Ollscoile. Chuaigh sé isteach go Má Nuat in 1926, agus san dara bliain ansin, fuair sé an Solus sa Fhraincís i gcomórtas oscailte. Fuair sé céim le honóracha den Chéad Ghrád i 1929, agus ó Má Nuat, chuaigh sé go dtí an Róim áit ar chríochnaigh sé a chúrsa ag Ollscoil Lateran, agus h-ordníodh ina shagart é i 1932.

ARD LÉANN

Go lua ina réim staidéir, fuair sé céim san Diacht le árd onóracha, agus chríochnaigh sé an cúrsa le licentiate san Diacht. 'Na dhiaidh sin, chuaigh sé go dtí an Eilbhéis, áit a ndearna sé freastal ar cúrsaí ar Ollscoil Fribourg. Scairteadh ar ais é go dtí deoise Dhoire in 1934, agus rinneadh Ollamh de i gColáiste Naomh Colm. In 1942, ceapadh mar Dean agus Bursar é, agus in 1951, mar Uachtarán ar an Choláiste, áit a raibh sé go dtí Mí na Samhna 1959, nuair a ceapadh é mar Shagart Paráiste insan t-Srath Bán.

SUIM SAN OIDEACHAS

Indiaidh a cheapachán, chuir sé suim bríomhar i gcúrsaí oideachais ar dhé thaobh na teorann, agus ceapadh mar bhall de coiste Gairm-Oideachais Dhún na nGall é, áit a raibh a chleachtadh agus a thaithí mar fear oideachais ana luachmhar. D'oibrigh sé go crua ar an t-Srath Bán le feabhas a chur ar cúrsaí Oideachais insan pharáiste. Thóg sé Séipéal nua Naomh Pádraic ag Murlóg, ceann de na séipéil is breatha san tír.

Bhí árd áthas i ndeoise Dhoire agus Rath Fóth nuair a tháinig an scéala fá na cheapachán, agus buaileadh cloig na dTeampall i Leitir Ceanainn ag fógairt an scéala. Seo é an scéala speisialta a chuir an t-Easpag úr chuig cléir agus pobal Rath Fóth.

TEACHTAIREACHT GAEILGE

Is ar Sagairt, fir agus mná-rialta, is ar mhuintir dheoise Rath Fóth is tú'sce a smaointím. Cuirim mó bheannacht chucu uile, agus gúim rath Dé ortha. Iarraim ortha guí ar mo shon go dtabharfaidh Dia grásta is neart dom, le go mbeidh mé in mo anamchara mhaith dhílis chucu uilig.

Iarraim ortha fosta guí ar son an Phápa. In mo ainm féin agus thar a gceann go léir geallaim dó ár ndílseacht go buan.

An Roinn Talmhaíochta
An tAcht Gorlanna Éanlaithe Clóis, 1947
Ceada Chun Uibheacha Éanlaithe Clóis a Sholáthar Chun Goir.

Daoine ar mian leo uibheacha goir éanlaithe clóis a sholáthar do ghorlanna ceadúnaithe éanlaithe clóis i rith séasúir 1965/66 ní mór dóibh ceada d'fháil. Is ceart na ceada sin d'iarraidh an 12ú Meitheamh, 1965, nó roimhe sin.

Tá foirmeacha iarratais á cur chun daoine a bhfuil ceada aca faoi láthair. Féadfaidh aon duine eile a bhfuil baint aige leis an ngnó sin foirmeacha d'fháil ón Rúnaí An Roinn Talmhaíochta, An Rannóg Éanlaithe Clóis agus Ubh, Teach ICT, Bothar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Is ceart gach foirm a líonadh agus a chur ar ais láithreach, agus ní mór 10/- a bheith ina teannta.



An t-Aṫair Ró-Oirṁinneaċ A. C. Mac Fiċeallaiġ, S.T.L., S.P., an tSraiṫ Ḃán, a coisreacfar mar Easbog Raiṫ Ḃoiṫ in Ard Teampall Naoiṁ Aḋaṁnáin, Litirceanainn ar 27ú meiṫiṁ seo ċugainn.

Aṫrú Reaḃlóideaċ sa Roinn Airgeadais

Ag deireaḋ a óráide ar an ċáinaisnéis, rinne an tUasal Ó Loingsiġ, T.D., Aire Airgeadais, caint naċ gnáṫ a ċloisint ó Aire Airgeadais.

Dúirt sé gur measaḋ Roinn an Airgeadais taoḃ amuiġ agus taoḃ istiġ den tseirḃís poiblí, mar cineál de institiúid diúltaċ, agus fiú aṁáin údarás coiméadaċ, in meaisín an Stáit.

Cibé fírinne a ḃí ansin insan am a ḃí caite, adúirt sé, ba ċinnte naċ raiḃ sé fíor inniu, agus naċ raiḃ sé fíor le roinnt blianta.

"Sé mó rún-sa," adúirt an tAire, go leagfar níos mó béim ar gnó nua-aoiseaċ dul ċun cinn na Roinne. Leanfar agus leaṫnófar ar coṁ-oirdniú agus forbairt a ḋéanaṁ ag sain-eolaiṫe na Roinne, ar clár geilleagraċ na bliana seo roṁainn, faoi mar atá léitiṫe insan ċáinaisnéis ⁊ fá ċoinne roinnt blianta roṁainn, faoi mar atá léiriṫe insan Dara Clár Eacnamiceaċ."

"Ḋéanfar staidéar ar teicníoċt nua i gcúrsaí geilleagair, airgeadais agus bainistíoċt, ⁊ taḃarfar ċun feiḋme iad."

"Ba ṁaiṫ liom an smaoineaṁ go ḃfuil Roinn an Airgeadais mar náiṁaid do ranna eile an Stáit, a ḋíbirt go brá. Spreagaiḋ mé mo roinn le túsiarraċt a ġlacaḋ i ngnéiṫe nár ċuaiġ siad isteaċ iontu a roiṁe, agus dul ċun cinn níos mó, agus spreagaḋ níos mó a ṫaḃairt, coṁċeangailte le ranna eile, de ṫairḃe brú ċun cinn, agus scrúdú smaointe nua de ṫairḃe forbairt soisialaċ agus geilleagraċ. Sé sin. go mbeiḋ Roinn an Airgeadais i ḃfad níos mó ós coṁair an ṗobail, ar feaḋ na bliana go léir, agus ní hé aṁáin le linn an ċáinaisnéis."

Coṁ Oibriú do Saoṫrú Seasta

Ag taḃairt dul fé láiṁ Easpaig dó i mDun Crannaiġ, rinn Tiarna Easpag Ḋoire, an Dr. Sár Oirṁinneaċ Ó Fearráin, aċaine ar leiṫ do ṁuintir an ḃaile go léir dearmad a ḋéanaṁ ar difríoċta poiliticiúla agus aontú le ċéile leis an coṁairle baile le obair lán-aimsireaċ a ḟáil do iomlán ṗobal an ḃaile. Is maiṫ an coṁairle í seo, agus is maiṫ a d'oireaḋ sí don Ġaeltaċt coṁ maiṫ.